

# Nuachtlitir

## Scoil Naomh Ciarán



Fón: 095 33 613

[www.scoilnaomhciarán.com](http://www.scoilnaomhciarán.com)

Nollaig 2019

A Chairde,

Tá súil agam go raibh briseadh álainn agaibh thar seachtain na Samhna, agus gur bhain sibh taitneamh as an bhféile! Seo cupla pointe thábhachtach le meabhrú agus muid ag druidim ar mhí na Nollag.

### Scoil Dúnta

Beidh an scoil ag dúnta ar an Luain, 2ú mí na Nollag. Tá lá curaclam do mhúinteoirí Chonamara lár.

### Turas go Gaillimh

Beidh muid ag tabhairt turas beag go Gaillimh mar cheiliúradh ar an Nollaig. Beidh rang Bhríd ag dul ag scátáil ar oighir agus beidh rang Nóra ag dul ag drama 'Santa's Fairy Tale Christmas'. Ina dhiadh beidh muid ag dul le haghaidh greim le n-ithe ar chostas na scoile. Tá muid ag súil go mór leis seo agus táimid cinnte go mbainfidh na páistí an-sásamh as. Beidh an bus ag fágail na scoile ag 8.15in. **Tá sé rí-thábhachtach go mbeidh gach duine anseo in am!**

### Seó Mór na Nollag

Tá socraithe agus pleanáil ar bun faoin láthair i gcomhair Seó Mór na Nollag! Beidh sé ar siúl againn ar an Déardaoin, 5ú Nollaig, ag 6in. Chuile mhaidin, tá gasúir na scoile ag bailiú i seomra Bhríd chun cleachtadh a dhéanamh ar charúil na Nollag. Is nós deas é seo agus triáilfidh muid é a dhéanamh chuile lá as seo amach. Tá ciseach brea curtha le chéile don raifil ar an oíche agus tá muid fíor bhuíoch as phobal na scoile a thug tacaíocht agus cúnamh é a líonadh, nár lagadh Dia sibh!

### Soilse na Nollag

Tá soilse na Nollag ar díol sa scoil agus i siopaí áitúla, is féidir solas a lasadh i gcuimhne ar dhuine muinteartha. Tá na coinnele ar fáil laistigh de dhoras na scoile freisin, níl le déanamh ach €5 a chuir sa bhosca agus ainm duine nó daoine muinteartha a chuir síos agus coinneál a thabhairt leat. Lasfar an crann Nollag i Séipéal Chill Chiaráin ag aifreann 7in Dé Sathairn an 7ú lá de mhí na Nollag. Beidh carúil na Nollag á gcasadh agus tabharfar chun cuimhne na daoine a bhfuil soilse ceannaithe ar a son. Ar mhaithe le Scoil Naomh Ciarán.

## National Christmas Jumper Day

Tá muid ag glacadh páirt sa National Christmas Jumper Day ar mhaithe le Ospidéal na bpáistí i gCrumlin. Is carthanacht spéisialta é seo agus is mór linn a rá go bhfuil muid ag tabhairt tacaíocht dóibh i mbliana mar faraor is iomaí clann a bhíonn ar braith ar na seirbhísí seo gach bliain. Is é an 13ú lá de mí na Nollag lá na ngeasaithe Nollag. Bheadh muid fíor bhuíoch as €2 an pháiste ach más mian libh níos mó a thabhairt tá míle fáilte roimh.

## Daidí na Nollag

Beidh Daidí na Nollag sa scoil ar an 19ú lá de mhí na Nollag. Beidh sé linn timpeall ar a 2in, míle fáilte roimh deirfiúracha agus deartháireacha beaga freisin.

## Tarraingt an Raifil Mór

Beidh tarraingt an raifil mór sa scoil ar an Aoine an 20ú lá ag 10rn. Mo mhíle buíochas do Choiste na dTúistí a rinne sár jab ag cuardach agus ag fáil tacaíocht ó chomhlachtaí áitúla chun an raifil seo a dhéanamh.

## Damhsa na bPúcaí

Ár míle buíochas do Choiste na dTuismitheoirí, a d'eagraigh dioscó dén chéad scoth ar An Aoine, 25ú Deireadh Fómhair. Bhí an-spraoi ag chuile dhuine. Go raibh maith agaibh ar fad as an €5 a thug sibh, ar mhaithe leis an gCoiste.


## Team Hope

Bhí muid chomh bródúil bheith ag glacadh páirt sa bhfeachtas Team Hope i mbliana, carthanacht a chuireann bronntanais ó ghasúir na hÉireann chuig gasúir i dtíortha eile i bhfad i gcéin. Réitigh sibh ar fad bronntanais fíor-speisialta don chúis thábhachtach seo, agus tá muid thar a bheith buíoch as an iarracht a rinne chuile theaghlach. Go raibh míle, míle maith agaibh ar fad.

## Lón Scoile

Dea-scéala! Tá deontas faighte againn arís ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Beidh Lónadóireacht Chonamara linn arís i mbliana, ag soláthair lón scoile dúinn gach seachtain. Tá béile te ar fáil gach Céadaoin as seo amach, bíonn an bheatha seo saor ó ghlútain agus ó chnóanna.

Le gach deá-ghuí,



Nóra Ní Chadhain, Príomhoide Gníomhach